Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15354/23

LIMITE

UD 257
POLCOM 269

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0360(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún<br>- Glacadh |

1. An 16 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togradh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún[1], bunaithe ar Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Aontas Custaim an togra agus tháinig sí ar chomhaontú maidir lena théacs.

[1] ST 14283/23 + ADD 1.

3. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh <u>Coiste na mBuanionadaithe</u> an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú;
- a iarraidh ar an <u>gComhairle</u> an Cinneadh, mar a leagtar amach in 14403/23 + ADD 1 é (téacs arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga), a ghlacadh mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus tarchuirfear an Cinneadh chuig Parlaimint na hEorpa.

PUBLIC